



Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Scéim Teanga

2016 - 2019

Clár Ábhair

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra	3
Caibidil 2: Forbhreathnú ar an NTA.....	4
Caibidil 3: Sonraí na seirbhísí atá á soláthar faoi láthair trí Bhéarla amháin nó go dátheangach	7
Caibidil 4: Soláthar Seirbhísí Gaeilge a fheabhsú.....	9
Caibidil 5: Soláthar Seirbhísí Gaeilge i gCeantair Ghaeltachta a fheabhsú	16
Caibidil 6: Cumas Teanga a fheabhsú.....	17
Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú.....	19
Caibidil 8: An Scéim Chomhaontaithe a phoibliú.....	20
Aguisín 1 – Próiseas Comhairliúcháin	21

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 RÉAMHRÁ

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go n-ullmhódh comhlachtaí poiblí scéim teanga ina dtabharfaí mionsonraí na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go mbeidh aon tseirbhís nach bhfuil an comhlacht a sholáthar faoi láthair trí mheán na Gaeilge á soláthar laistigh de thréimhse ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fágfar scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go bhfuil scéim nua deimhnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, cibé acu is déanaí.

1.2 ULLMHÚ AGUS ÁBHAR NA SCÉIME

Agus an chéad scéim teanga de chuid an NTA á hullmhú, tugadh aird mar is cuí ar na Treoirínte a d'eisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Lena chois sin, bhí próiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara (féach Aguisín 1).

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) faoi threoir an phrionsabail go mba chóir go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- an leibhéal bunúsach éilimh atá ar sheirbhísí saineúla trí Ghaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach chun seirbhísí den sórt sin a sholáthar, agus
- na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta atá i gceist an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ár gCairt do Chustaiméirí. Cuireadh le chéile í agus é ar intinn a chinntiú go rachfar i ngleic ina iomláine ar bhonn incriminteach le gach dualgas ábhartha atá ar an NTA faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, tríd an scéim seo agus scéimeanna eile sa todhchaí.

1.3 DÁTA TOSAIGH NA SCÉIME

Tá an Scéim seo deimhnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Tiocfaidh sí i bhfeidhm ar an 2 Lúnasa 2016 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Forbhreathnú ar an NTA

2.1 MISEAN AGUS CUSPÓIRÍ

Is é ár Mísean an sciar taistil trí iompar inbhuanaithe ar fud na tíre a mhéadú trí:

1. Seirbhísí poiblí iompair sábháilte, tarraingteacha agus ar ardchaighdeán a rialáil agus a chur ar fáil
2. Forbairt agus feidhmiú chóras comhtháite agus inrochtana iompair a dhaingniú
3. Cur le comhtháthú éifeachtach an pholasaí pleanála agus infheistíochta iompair agus úsáid talún, agus
4. An dearcadh a fheabhsú agus feasacht a spreagadh faoi iompar poiblí

ar bhealach a thacaíonn le beartais Rialtais agus a thugann tosaíocht agus a chuireann le forbairt eacnamaíoch, inbhuanaitheacht chomhshaoil agus comhtháthú sóisialta sa Stát.

Tá ár gcuspóirí straitéiseacha leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2015-2017, atá ar fáil i nGaeilge.

2.2 PRÍOMHFHEIDHMEANNA

Tríd is tríd, is féidir achoimre a dhéanamh ar fheidhmeanna reachtúla an NTA faoi láthair mar seo a leanas:

Náisiúnta

- Seirbhísí iompair poiblí a fháil trí chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí;
- Eolas comhtháite faoi thicéid, táillí agus iompar poiblí a sholáthar;
- Líonra iompair poiblí inrochtana agus comhtháite a fhorbairt;
- Ceadúnas a thabhairt do sheirbhísí bus poiblí do phaisinéirí nach bhfuil faoi réir conartha seirbhísí iompair poiblí;
- An Clár Iompair Tuaithe agus an struchtúr comharba ar na hAonaid Chomhordaithe Iompair a bhainistiú;
- Bonneagar bus agus saoráidí agus scéimeanna rothaíochta agus flít a sholáthar;
- Branda iompair poiblí singil a fhorbairt agus a fheidhmiú;
- Creat rialála chun feithiclí¹ beaga seirbhíse poiblí agus a dtiománaithe a rialú agus a fheidhmiú, a fhorbairt agus a chothabháil;
- Aighneachtaí reachtúla faoi Threoirlínte Pleanála Réigiúnacha a ullmhú;
- Sonraí staidrimh agus faisnéis faoi iompar a bhailiú;

¹ Tacsaithe, hacnaithe agus limisíní

- Cearta paisinéirí an AE maidir le hiompar iarnróid, muirí agus bus agus cóiste a fhorfheidhmiú;
- Foirmeacha taistil agus údaraithe an AE maidir le taisteal bus agus cóiste i gcomhréir le Rialachán Uimh. 1073/2009 an AE a bhailíochtú; agus
- Feidhmiú mar chomhlacht idir-réitigh náisiúnta do sholáthraithe seirbhísí dola leictreonacha.

Mórcheantar Bhaile Átha Cliath as féin

- Tabhairt faoi phleanáil straitéiseach iompair;
- Infheistiú i ngach bonneagar iompair poiblí; agus
- Bainistiú éifeachtach ar éileamh iompair agus tráchta a fhorbairt.

Feidhmeanna eile

Chomh maith lena feidhmeanna reachtúla tugann an NTA faoi roinnt feidhmeanna freisin thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar bhonn neamhreachtúil. Áirítear ar na feidhmeanna neamhreachtúla:

- Tionscadail inbhuanaithe iompair i gcathracha réigiúnacha Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge a phleanáil agus a mhaoiniú;
- Na Cláir maidir le hIonaid Oibre Taistil Níos Cliste agus Campas Taistil Níos Cliste a riaradh;
- Clár Taistil na Scoileanna Glasa a bhainistiú; agus
- Maoiniú inrochtaineachta d'oibreoirí iompair agus do chomhlachtaí ábhartha eile a sholáthar.

2.3 BUNSHEIRBHÍSÍ

Go ginearálta is féidir na seirbhísí poiblí a chuireann an NTA ar fáil a roinnt ina trí phríomhchuid mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas. Tá cur síos sa tábla freisin ar phríomhúsáideoirí na seirbhísí seo.

Cineál seirbhíse	Seirbhís a sholáthraítear	Custaiméirí agus cliaint
Modhanna inbhuanaithe iompair a chur chun cinn (siúl, rothaíocht, iompar poiblí)	Seirbhísí a fhorbairt chun tacú le hiompar inbhuanaithe (eolas fíor-ama do phaisinéirí, Pleanálaí Turais Náisiúnta, Pleanálaithe Rothaíochta, cárta Leap); Eolas faoi iompar poiblí a sholáthar (e.g. trí láithreáin gréasáin, na meáin shóisialta, aipeanna); Iompar poiblí a chur chun cinn (e.g. trí	Bíonn tionchar díreach ag an ról seo ar an bpobal taistil trí fhaisnéis cothrom le dáta a sholáthar dóibh faoi sheirbhísí iompair poiblí. Soláthraíonn cárta Leap bealach níos áisiúla, níos sábháilte agus níos saoire chun táillí iompair poiblí a íoc.

Cineál seirbhíse	Seirbhís a sholáthraítear	Custaiméirí agus cliaint
	na meáin shóisialta, fógraíocht, srl.)	
Seirbhísí iompair poiblí a rialú (bus, iarnród agus feithiclí beaga seirbhíse poiblí)	Soláthar seirbhísí iompair poiblí i gcomhréir le forálacha conarthaí nó rialachán a dhaingniú. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go soláthraíonn cuideachtaí iompair poiblí agus príobháideacha araon seirbhísí iompair poiblí.	Bíonn tionchar ag an ról seo go príomha ar úsáideoirí gnó i.e. oibreoirí iompair poiblí (lena n-áirítear oibreoirí feithiclí beaga seirbhíse poiblí) a bhfuil orthu cloí leis na ceanglais ábhartha. Ár ndóigh, tá leas ag an bpobal i rialú seirbhísí iompair poiblí. Éascaítear an leas poiblí seo go príomha trí chomhairliúcháin phoiblí spriocdhírthe.
Bonneagar inbhuanaithe iompair a sholáthar (siúl, rothaíocht, iompar poiblí)	Soláthar tionscadail bhonneagair iompair phoiblí a phleanáil agus a bhainistiú.	Bíonn tionchar aige seo go príomha ar fhoirne ag obair in údaráis áitiúla, oibreoirí iompair, grúpaí ionadaíochta. Mar sin féin, tá leas ar ndóigh ag an bpobal i mbonneagar iompair poiblí a phleanáil agus a sholáthar. Éascaítear an leas poiblí seo go príomha thrí chomhairliúcháin phoiblí spriocdhírthe.

2.4 CUSTAIMÉIRÍ AGUS CLIAINT

Féach tábla thuas.

Caibidil 3: Sonraí na seirbhísí atá á soláthar faoi láthair trí Bhéarla amháin nó go dátheangach

Sonraí na seirbhísí atá á soláthar faoi láthair trí Bhéarla amháin nó go dátheangach trí Ghaeilge agus trí Bhéarla; lena n-áirítear seirbhísí i gceantair Ghaeltachta.

Soláthar Reatha Seirbhísí		
Seirbhísí (Ginearálta)	I mBéarla amháin	Dátheangach, i mBéarla agus i nGaeilge
Taispeántaí eolais fíor-ama do phaisinéirí ag stadanna bus	Níl.	Tá. Tosaíodh ag cur i bhfeidhm taispeántaí RTPI ag stadanna bus i ndeireadh na bliana 2010. Faoi dheireadh na bliana 2014 bhí beagnach 600 taispeántas curtha ar fáil ag na stadanna bus is gnóthaí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus i gcathracha réigiúnacha Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge. Léiríonn na taispeántaí seo na hamanna a dtagann busanna isteach chomh maith le heolas iompair eile (e.g. athruithe/moill ar sheirbhísí bus). Tá na taispeántaí, a léann na mílte úsáideoirí bus gach lá, ar taispeántaí i nGaeilge agus i mBéarla.
Fógraí ar bord	Níl.	Tá. D'éascaigh maoiniú an NTA do bhusanna nua agus d'uasghrádú an flít busanna atá ann soláthar fógraí (le cloisteáil agus le feiceáil) do phaisinéirí faoin gcéad stad eile. Tá na fógraí seo, a aithníonn na stadanna bus ar an mbealach bus in úsáid, i nGaeilge agus i mBéarla.
Cártaí Eolais ² d'Fheithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (SPSV)	Níl.	Tá. Tá cártaí eolais do phaisinéirí SPSV, a chuireann eolas úsáideach ar fáil do phaisinéirí tacsáí, hacnaí agus limisín faoina gcearta agus a bhfreagrachtaí, agus a chaitear a chur ar taispeántaí i ngach SPSV mar choinníoll ceadúnaithe, i nGaeilge agus i mBéarla.
Eolas faoi stadanna bus	Níl.	Ar siúl. Tá tús curtha ag an NTA le feidhmiú bonneagair nua stadanna bus chun dearadh aontaithe a sholáthar do stadanna bus agus don eolas ar taispeántaí ag na stadanna sin. Beidh an t-eolas ar taispeántaí i nGaeilge agus i mBéarla. Tosaíodh á fheidhmiú i gCathair Chorcaí. Ach sa deireadh thiar beidh sé á chur ar fáil do thart ar 10,000 stad bus ar fud an Stáit.
Líne eolais faoi SPSV	Níl.	Tá. Is féidir le baill den phobal chomh maith le baill den tionscal teagmháil a dhéanamh leis an Líne Eolais faoi SPSV. Tá saoráid teagmhála dátheangach ag

² Ciallaíonn SPSVanna tacsaithe, hacnaithe agus limisíní

		an Líne, atá á fheidhmiú faoi chonradh ag tríú páirtí.
Seirbhísí i gCeantair Ghaeltachta	I mBéarla amháin	Dátheangach, i mBéarla agus i nGaeilge
Mar atá thuas.		

Caibidil 4: Soláthar Seirbhísí Gaeilge a fheabhsú

Is ceanglais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha aibhsithe i ndath liath sa tábla thíos.

Modhanna cumarsáide leis an bpobal		Tiomantas	
Fógraí Taifeadta Béil		<p>Beidh na fógraí taifeadta béil seo a leanas i nGaeilge nó dátheangach:</p> <p>(a) Fógraí taifeadta béil ar an teileafón nuair a bhíonn oifigí an chomhlachta poiblí dúnta;</p> <p>(b) Fógraí taifeadta béil atá á dtarchur trí chóras fógartha poiblí;</p> <p>(c) Fógraí taifeadta béil a chruthaítear agus a tharchuirtear trí chóras teachtaireachta ríomhairithe nó córas freagartha teileafóin ríomhairithe.</p> <p>Baineann an fhoráil seo le fógraí ‘taifeadta’ seachas ‘fógraí beo’.</p> <p>Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, tá dualgas ar chomhlacht poiblí úsáid a bhaint as an leagan Gaeilge den logainm a bheidh sonraithe san Ordú sin i bhfógraí taifeadta béil a dhéanann an comhlacht nó a dhéantar thar a cheann.</p>	Éigeantach
Cumarsáid Scríofa	Litreacha agus Post Leictreonach	Tabharfar freagra scríofa ar gach cumarsáid sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas é.	Éigeantach
	Stáiseanóireacht	Tá ceannteidil stáiseanóireachta, lena n-áirítear páipéar nótaí, duillíní dea-mhéine, bileoga cumhdaigh facs, clúdaigh chomhaid agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.	Éigeantach
Comharthaíocht	Comharthaíocht	Ní mór do gach comharthaíocht a chuireann comhlacht poiblí ar fáil nó a cuirtear ar fáil thar a gceann a bheith i nGaeilge nó dátheangach, de	Éigeantach

		réir na rialachán (S.I. Uimh.391/2008).	
Foilseacháin	Foilseacháin	Beidh doiciméid ina leagtar amach tograí beartas poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise á bhfoilsíú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.	Éigeantach
	Ciorcláin/Coir phoist	Sa chás go ndéanann comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó trí phost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne ar mhaithe le faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge a bheidh an chumarsáid nó i mBéarla agus i nGaeilge.	Éigeantach
An Ghaeltacht	Logainmneacha Gaeltachta	Bainfidh an comhlacht poiblí úsáid as logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta i gcomhréir leis an reachtaíocht.	Éigeantach

An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Is é an cuspóir atá ag an gcéad scéim teanga de chuid an NTA tús a chur le próiseas ina soláthraítear seirbhísí atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne trí mheán na Gaeilge.

Mar sin féin, tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta cheana féin. Bhí cur síos sa chaibidil roimhe seo ar na bearta suntasacha atá i bhfeidhm cheana féin chun úsáid na Gaeilge a leathnú maidir le seirbhísí iompair poiblí a léiríonn bealach praiticiúil agus dearfach chun éileamh ar sheirbhísí i nGaeilge ón bpobal i gcoitinne a chomhlíonadh.

Is cosúil go dtacaíonn formhór na bhfreagraí ar ár gcomhairliúchán poiblí le bearta praiticiúla cosúla eile chun úsáid na Gaeilge d'úsáideoirí iompair poiblí a leathnú trí "fógraí buana nó ó bhéal ar gach seirbhís iompair" agus "láithreáin gréasáin agus modhanna áirithinte ticéad" dátheangacha a sholáthar.

Maidir leis seo is iad na príomhréimsí ina n-imríonn an NTA ról:-

1. eolas faoi iompar poiblí a sholáthar, agus
2. ticéid iompair poiblí agus seirbhísí tacaíochta comhtháite (Cárta Leap) a sholáthar.

Modhanna cumarsáide leis an bpobal	Tiomantas	Amlíne Faoi dheireadh Bhliain 1/ BI 2 / BI 3	
Cumarsáid Scríofa / Bhéil	Fáiltiú	<p>Ní fhostaíonn an NTA fáilteoir. Bíonn foirne slándála a chuireann gnólacht slándála ar fáil faoi chonradh leis an NTA ag limistéar fáiltithe an NTA.</p> <p>Cuirfimid treoir le chéile ina mbeidh na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge agus scaipfear é ar an bhfoireann.</p> <p>Bunóimid liosta cainteoirí Gaeilge laistigh den NTA atá sásta labhairt le glaoiteoirí chuig ár gCeanncheathrú agus ar mian leo comhrá a dhéanamh i nGaeilge agus scaipfear é ar an bhfoireann.</p>	Faoi dheireadh Bhliain 1
	Seirbhís chuntair/ Aghaidh ar aghaidh	<p>Ní chuireann an NTA aon seirbhísí cuntair ar fáil don phobal i gcoitinne. Cuireann oifig phoiblí shealadach i lár chathair Bhaile Átha Cliath, ina bhfuil foireann ó phearsanra Bhoneagar Iompair Éireann, faisnéis ar fáil faoi thionscadal Traschathrach an Luas. Beidh an oifig seo á dúnadh áfach, i rith 2017.</p> <p>Bunóimid liosta cainteoirí Gaeilge laistigh den NTA atá sásta labhairt le glaoiteoirí chuig oifig Traschathrach an Luas ar mian leo comhrá a dhéanamh i nGaeilge agus scaipfear é ar an bhfoireann, agus rachaimid i dteagmháil leis an TII chun an rud céanna a dhéanamh.</p>	Faoi dheireadh Bhliain 1
	Lasc-chlár	<p>De bharr gurb iad na hoibreoirí teileafóin an chéad phointe teagmhála a bhíonn leis an bpobal cinnteimid go dtugann siad ainm na heagraíochta i nGaeilge (sa chás nach bhfuil fógraí taifeadta béil ar fáil cheana féin).</p> <p>Cinnteimid go gcuirtear sonraí na foirne a labhraíonn Gaeilge (nuair atá fáil orthu) agus atá ainmnithe chun glaonna a ghlacadh ó chainteoirí Gaeilge ar fáil d'oibreoirí teileafóin agus cabhrú</p>	Faoi dheireadh Bhliain 1

		leo an teagmhálaí cuí a aithint.	
	Cumarsáid teileafóin leis an bpobal	<p>Lorgóimid oibrithe deonacha i measc ár bhfoireann atá sásta glacadh le glaonna teileafóin ó bhaill den phobal atá ag lorg seirbhíse trí Ghaeilge.</p> <p>Cuirfimid oiliúint i nGaeilge ar fáil don fhoireann atá sásta glacadh le glaonna teileafóin ó bhaill den phobal atá ag lorg seirbhíse trí Ghaeilge.</p> <p>Nuair a bheidh an chéad phróiseas soláthair eile ar bun (in 2018) chun ionad do chustaiméirí don Chárta Leap a oibriú, scrúdóimid an féidearthacht agus an costas a bhainfeadh leis an táirgeoir rathúil a bheith in ann leibhéal cuí seirbhíse trí Ghaeilge a chur ar fáil, nuair a iarrtar sin.</p>	<p>Faoi dheireadh Bhliain 1</p> <p>Faoi dheireadh Bhliain 2</p> <p>Faoi dheireadh Bhliain 3</p>
	Fógraí taifeadta béil	Mar a léiríodh i gCaibidil 3, tá an NTA ag maoiniú soláthar fógraí dátheangacha atá le cloisteáil agus le feiceáil ar sheirbhísí iompair poiblí a bhfuil fóirdheontas acu agus ag taispeáintí eolais fíor-ama do phaisinéirí	Leanúint ag cur i bhfeidhm an chlár atá ann faoi láthair de réir mar a cheadaíonn an maoiniú atá ar fáil
	Fógraí beo	Ní bhaineann leis an NTA.	n/a
	Eile	Dada	
	Bróisiúir/Bileoga Faisnéise	<p>Beidh ríomhírisí an NTA dátheangach.</p> <p>Beidh amchlár iompair poiblí, bileoga agus bróisiúir a dháileann an NTA ar an bpobal dátheangach.</p>	<p>Faoi dheireadh Bhliain 2</p> <p>Faoi dheireadh Bhliain 3</p>
	Foirmeacha iarratais	<p>Beidh foirmeacha iarratais do phoist á bhfoilsíú i nGaeilge agus i mBéarla.</p> <p>Beidh foirmeacha iarratais do shaoráil faisnéise ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla</p>	Láithreach
	Eile	Dada	n/a
	Na Meáin	Preaseisiúint	Beidh preaseisiúint dátheangach, ag fógairt

		forbairt nuachta, eolas tionscail nó tionscnamh nua, á eisiúint uair sa ráithe. Beidh sé á eisiúint ag an am céanna leis an leagan Béarla. Beidh preaseisiúint dátheangach á eisiúint gach dara mí.	Bhliain 1 Faoi dheireadh Bhliain 2
	Urlabhraithe ó na Meáin	Dada.	
	Óráidí	Dada	
	Eile – Meáin Shóisialta	Tá na meáin shóisialta ag éirí níos tábhachtaí mar mhodh díreach cumarsáide le custaiméirí i bhforam. Dá réir sin, tá cuntas <i>Twitter</i> agus <i>Facebook</i> ag an NTA agus eisítear nuashonruithe go rialta a bhaineann le hábhair iompair poiblí. Scrúdóidh agus tástálfaidh an NTA céard is féidir a bhaint amach trí sheirbhís a chur ar fáil i nGaeilge ar ardáin mheán shóisialta an NTA féachaint cén t-éileamh a bheadh air agus na hacmhainní a theastódh chun freastal ar an éileamh sin.	Faoi dheireadh Bhliain 2
Teicneolaíocht Faisnéise	R-phost	Beidh teachtaireachtaí uathoibríthe ar ríomhphoist an NTA, cosúil leo siúd a mhíníonn an tréimhse ama chun freagra a thabhairt ar r-phost, i nGaeilge agus i mBéarla.	Faoi dheireadh Bhliain 1
	Láithreáin gréasáin	Láithreáin gréasáin Is é <i>Iompar d'Éirinn</i> an t-ainm branda uileghabhálach atá forbartha ag an NTA chun soláthar iompair poiblí don phobal in Éirinn a chur chun cinn agus a chomhtháthú. Faigheann láithreán gréasáin <i>Iompar d'Éirinn</i> (www.transportforireland.ie) a chuireann eolas ar fáil faoi sheirbhísí iompair poiblí don phobal taistil, thart ar 700,000 cuairteoir gach bliain. Níl aon ábhar Gaeilge ar an láithreán gréasáin faoi láthair. Geallann an NTA láithreán gréasáin dátheangach go hiomlán a dhéanamh don láithreán gréasáin. San áit a chuireann láithreán gréasáin <i>Iompar d'Éirinn</i> naisc ar fáil chuig láithreáin gréasáin nó seirbhísí eile, míneoidh an láithreán gréasáin go mb'fhéidir nach mbeadh na láithreáin gréasáin nó seirbhísí seo ar fáil i	Faoi dheireadh Bhliain 2

		nGaeilge. Ag cur na taithe a fuarthas as an bpróiseas seo san áireamh, scrúdóidh an NTA an raon forbartha chun láithreáin gréasáin dátheangacha a dhéanamh as láithreáin gréasáin phoiblí eile cosúil le www.leapcard.ie agus www.locallink.ie (an láithreán gréasáin do sheirbhísí iompair tuaithe).	Faoi dheireadh Bhlain 3
	Córais Ríomhaireachta	Tá sé de chumas ag ár gcóras próiseála focal Gaeilge a láimhseáil faoi láthair. Cinnteimid go gcoinneofar an cumas sin in aon uasghrádú ar ár gcóras sa todhchaí.	Láithreach
	Seirbhísí Idirghníomhacha	Dada	
	Eile	<p>Córas eolais fíor-ama do phaisinéirí (RTPI)</p> <p>Leanfaimid orainn ag cinntiú go bhfuil eolas dátheangach ar fáil ar thaispeántí RTPI ag stadanna bus de réir mar a bhíonn an scéim á cur ar fáil i réimsí nua (de réir an mhaoinithe a bheidh infhaighte).</p> <p>Fógraí faoin gcéad stad eile</p> <p>Leanfaimid orainn ag cinntiú go mbeidh córais uathoibrithe ar fheithiclí iompair poiblí a chuireann eolas ar fáil do phaisinéirí faoin gcéad stad eile dátheangach.</p> <p>Foilseacháin Chorporáideacha</p> <p>Leanfar ag foilsiú Tuarascáil Bhliantúil, Ráitis Airgeadais agus Ráitis Straitéise an NTA i nGaeilge agus i mBéarla.</p> <p>Lena chois sin, geallann an NTA go bhfoilseofar gach ceann dá bpleananna agus dá mbeartas móra reachtúla (Straitéis Iompair, Plean Forfheidhmithe Comhtháite, Plean Straitéiseach Bainistíochta Tráchta) i nGaeilge.</p> <p>Comhairliúcháin phoiblí</p> <p>Sa chás go bhfuil riachtanas reachtúil ann chun</p>	

		dul i gcomhairle leis an bpobal i gcoitinne faoi shaincheisteanna iompair poiblí, foilseofar an fógra poiblí ag tabhairt cuireadh aighneachtaí a chur isteach agus an príomh-dhoiciméad comhairliúcháin i nGaeilge agus i mBéarla.	
Gaeltacht	Cruinnithe	Dada	n/a
	Iompar Tuaithe	Cuirfidh gach seirbhís áirithinte iompair tuaithe trí oifigí Locallink i gceantair Ghaeltachta áis ar fáil chun seirbhís a chur in áirithe trí Ghaeilge	n/a

Caibidil 5: Soláthar Seirbhísí Gaeilge i gCeantair Ghaeltachta a fheabhsú

Soláthar seirbhísí Gaeilge i gceantair Ghaeltachta a fheabhsú agus a chinntiú gurb í an Ghaeilge an teanga oibre a bheidh in oifigí atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta roimh dháta ar leith.

Tiomantais i gCeantair Ghaeltachta

Cur síos faoi sheirbhísí i gceantair Ghaeltachta	Tiomantas	Amlíne Faoi dheireadh Bhliain 1/ BI 2 / BI 3
Seirbhísí iompair poiblí fóirdheonaithe	<p>Tá ceantair Ghaeltachta curtha san áireamh sna cláir náisiúnta chun freastal dátheangach a dhéanamh maidir le</p> <ul style="list-style-type: none"> i. fógraí (le cloisteáil agus le feiceáil) ar bord seirbhísí iompair poiblí; ii. amchlár agus eolas eile do chustaiméirí ag stadanna bus. <p>Tá an luas ag a gcuirfear i bhfeidhm na cláir seo ar fud an Stáit ag brath ar an maoiniú caipitil atá ar fáil.</p>	Ag brath ar mhaoiniú agus gnéithe tosaíochta
Gaeilge mar theanga oibre in oifigí Gaeltachta		
Tiomantas	Amlíne Faoi dheireadh Bhliain 1/ BI 2 / BI 3	
Níl aon oifigí ag an NTA sna ceantair Ghaeltachta.		n/a

Caibidil 6: Cumas Teanga a fheabhsú

6.1 EARCAÍOCHT

Beidh earcaíocht foirne ag a mbeidh leibhéal iomchuí inniúlachta acu sa Ghaeilge i ngach réimse oibre den NTA ar an bpríomhbhealach chun barr feabhas a chur ar infhaighteacht seirbhísí trí Ghaeilge. Tabharfaidh ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir an chreat nósanna imeachta earcaíochta náisiúnta atá comhaontaithe, aird ar an riachtanas chun cumas Gaeilge a fheabhsú ar bhonn incriminteach.

Cuirfear pacáiste ionduchtaithe ar fáil do gach ball foirne nua ina mbeidh cóip dár scéim comhaontaithe chun a chinntiú go gcuirfear iad ar an eolas maidir lenár ngealltanais faoin reachtaíocht.

6.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá an NTA tiomanta do dheiseanna a chur ar fáil do bhaill foirne chun freastal ar chúrsaí oiliúna creidiúnaithe cuí Gaeilge, de réir mar a cheadaíonn na hacmhainní atá ar fáil. Cuirfear na baill foirne ar fad ar an eolas faoi áiseanna / deiseanna atá ar fáil chun a gcumas Gaeilge a fheabhsú.

		Tiomantas	Amlíne Faoi dheireadh Bhliain 1/ BI 2 / BI 3
Cumas Gaeilge a Fheabhsú	Earcaíocht	Cuirfidimid foirmeacha iarratais do phoist ar fáil i nGaeilge.	I bhfeidhm láithreach
	Oiliúint	Cuirfidh an NTA deiseanna oiliúna agus forbartha Gaeilge ar fáil don fhoireann.	Faoi dheireadh Bhliain 2
	Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn/Soláthar acmhainní	Glacfaimid páirt i mbealaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn cosúil le Seachtain na Gaeilge trí na meáin shóisialta, preaseisiúintí, imeachtaí don fhoireann, etc.	Faoi dheireadh Bhliain 2
	Eile	Dada	n/a

Cumas Gaeilge

I bhfianaise bheartas an Rialtais maidir le feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí i nGaeilge, aithneoidh an NTA, faoi dheireadh bhliain a haon den scéim, aon phoist a bhfuil inniúlacht Ghaeilge mar bhunriachtanas dóibh. Déanfar gach iarracht na riachtanais seo a chomhlíonadh roimh dheireadh na scéime seo maidir le beartais earcaíochta, arduithe céime agus oiliúna, mar is cuí. Cuirfidh sé seo ar chumas an NTA pleanáil agus tosaíocht a thabhairt d'fheabhas incriminteach na seirbhísí Gaeilge ar bhealach níos straitéisí.

Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh Cinn Ranna monatóireacht agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na scéime ar bhonn rialta agus tabharfaidh siad aiseolas d'Fhoireann Bhainistíochta an NTA. Is í Sara Morris a bheidh mar theagmhálaí don scéim.

Beidh córas foirmiúil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí i nGaeilge ar fáil agus á thaifeadadh inár dTuarascáil Bhliantúil.

Caibidil 8: An Scéim Chomhaontaithe a phoibliú

Beidh an scéim seo á poibliú go hinmheánach agus go seachtrach araon, trí phreaseisiúint ar dtús. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus scaipfear é ar gach ball foirne agus ar na gníomhaireachtaí cuí. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as bealaí eile freisin chun an scéim a phoibliú.

Lena chois sin, tapóimid gach deis inár n-idirghníomhaíocht laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú trí na modhanna seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach ar bhonn réamhghníomhach maidir leis an rogha gnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chrochadh i limistéir fháiltithe ina dtagraítear de na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- na seirbhísí seo a liostú go feiceálach ar ár láithreáin gréasáin;
- comharthaíocht a thabhairt ar threoirlínte, bileoga agus foirmeacha iarratais roghnaithe go bhfuil na doiciméid seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura mbíonn siad dátheangach;
- an suntasacht chéanna a thabhairt d'ábhair i nGaeilge agus i mBéarla.

Seolfar cóip den scéim comhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Béarla den scéim seo an leagan oifigiúil.

Aguisín 1 – Próiseas comhairliúcháin

De réir fhorálacha Alt 13 (1)(a) d’Acht 2003, d’fhoilsigh an NTA fógra dátheangach san *Irish Independent* agus ar *Tuairisc.ie* ar 16 Meán Fómhair 2015 go raibh sé i gceist aige dréacht-scéim a ullmhú. Tugadh cuireadh sa bhfógra do pháirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh faoin 19 Deireadh Fómhair 2015 maidir le hullmhú na dréacht-scéime. Eisíodh iarratais ar aighneachtaí freisin ar leathanaigh *Twitter* agus *Facebook* an NTA.

Fuarthas 11 freagra ar leith ar fad. Moladh i 10 gcinn acu sin go n-úsáidfí Gaeilge le haghaidh gach seirbhís ag tosú leo siúd is minice a úsáidtear, go speisialta fógraí buana agus fógraí a bhíonn le cloisteáil ar gach seirbhís iompair, chomh maith le láithreáin gréasáin agus áirithintí ticéad. Moladh san aighneacht eile gur chóir don scéim díriú ar dtús ar phreaseisiúintí agus láithreáin gréasáin a aistriú chomh maith le feidhm caidreamh poiblí dátheangach a fhorbairt a bheadh in ann dul i ngleic go díreach leis na meáin Ghaeilge. Measadh na hionchuir sin in ullmhú na dréacht-scéime.

Sheol an Príomhfheidhmeannach ríomhphost chuig foireann an NTA freisin ag tabhairt cuireadh dóibh aighneachtaí a dhéanamh. Cuireadh suirbhé ar líne don fhoireann in éineacht leis chun eolas a bhailiú faoin éileamh ar Ghaeilge ó úsáideoirí seirbhíse, líon na gcainteoirí Gaeilge, etc. san NTA.

Bhí glacadh maith leis an suirbhé. Fuarthas 50 freagra ar fad. Is iad seo a leanas príomhthorthaí an tsuirbhé:

- dhéileáil 7 mball foirne le ceist i nGaeilge le 12 mí anuas;
- níl ag formhór na foirne ach Gaeilge bhunúsach nó tá siad gan Gaeilge ar bith;
- léirigh 18 ball foirne suim cinnte in oiliúint i nGaeilge a fháil; agus
- léirigh 15 ball foirne go mbeadh suim acu a bheith ina dteagmhálaí do cheisteanna i nGaeilge dá gcuirfí an oiliúint chuí ar fáil.
- Moladh i roinnt freagraí go bhféadfaí seirbhís Ghaeilge an NTA a fheabhsú go príomha trí oiliúint i nGaeilge a chur ar fáil agus leaganacha Gaeilge de láithreáin gréasáin an NTA a chur ar fáil.